

Sábháilteacht ar líne

LEIDEANNA DO LEANAÍ AGUS DO DHÉAGÓIRÍ



Bíodh do chearta ar eolas agat – ná déan dearmad go bhfuil sé de cheart agat a bheith sábháilte agus go gcaithfí leat go measúil ar líne.



Smaoinigh sula bpostálann tú – is féidir le grianghraif, físeáin agus nótaí tráchta fanacht ar líne go deo. Ná comhroinn anois ach an méid sin a mbeifeá ar do chompond leis dá bhfeicfeadh daoine eile é sna blianta amach romhainn.



Cuimhnigh gur uirlis í an intleacht shaorga, seachas fiordhuine – is féidir leis an IS botúin a dhéanamh agus eolas bréagach, íomhánna, físeáin, guthanna agus teachtaireachtaí bréagacha a chruthú.



Contúirt a aithint – stad agus smaoinigh ar iarrataí aisteacha ó 'chairde cairde', tairiscintí 'rómhaithe le bheith fíor', nó teachtaireachtaí atá ag iarraidh brú a chur ort cinneadh a dhéanamh.



Úsáid socruithe príobháideachais agus slándála – coinneigh do chuntais príobháideach, úsáid pasfhocail láidre, agus cas air gnéithe slándála breise nuair is féidir.



Fianaise a bhlocáil, a thuairisciú agus a shábháil – más rud é go bhfuil duine i mbun bulaíochta, sceamála, bagartha nó do do chur ar do mhíchompord, déan iad a thuairisciú agus a bhlocáil, agus coinneigh seatanna scáileáin nó teachtaireachtaí.



Cabhraigh chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte – foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn aipeanna, cluichí, suíomhanna gréasáin, algartaim agus IS, agus cabhraigh le daoine eile fanacht sábháilte freisin.



Bí cineálta le daoine eile ar líne – ba cheart go mbeadh na meáin shóisialta agus an chluichíocht ina n-eispéireas dearfach do chách. De réir mar is toil leat go gcaithfeadh na daoine go measúil leat, caith leo mar an gcéanna.



Cosain d'eolas pearsanta – ná comhroinn sonraí príobháideacha amhail d'ainm iomlán, do sheoladh, do scoil, d'uimhir theileafóin, do phasfhocail, nó do shuíomh beo ar líne.



Ná trust agus ná comhroinn gan seiceáil roimh ré

– níl gach rud ar líne fíor. Ceistigh gach eolas i gcónaí, go háirithe scéalta, físeáin nó teachtaireachtaí ar ábhar iontais iad, agus seiceáil foinsí iontaofa roimh duit iad a chomhroinnt.



Ná glac le grianghraif ná le hiarrataí comhrá ó strainséirí – má tá amhras ort faoi aois nó céannacht duine, iarr ar dhuine fásta a sheiceáil cé hé nó cé hí (nó inis don duine go bhfuil 'do Dhaid/Mham in aice leat' agus féach ar an bhfreagairt).



Ná comhroinn íomhánna príobháideacha

– ná comhroinn grianghraif ná físeáin dlúthphearsanta riamh, fiú má chuireann duine éigin brú ort (go háirithe má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois). Nuair a chomhroinnfear iad, ní bheidh aon smacht agat orthu.



Inis do dhuine fásta a bhfuil iontaobh agat ann má mhothaíonn rud éigin mícheart – níl tú á chur i do thost agus níl tú i dtrioblóid cabhair a iarraidh.



Bain úsáid as do ghuth – glac páirt agus múnlaigh todhchaí an tsaoil dhigitigh.

